Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Nollaig 2021**
**(OR. en)**

**14808/21**

**ENFOPOL 501**
**IXIM 286**
**JAI 1388**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 9 Nollaig 2021 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13996/21 + COR 1 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le Dlús a chur leis an gComhar Trasteorann Póilíneachta i dtaca le Daoine atá ar Iarraidh<br>– *Conclúidí ón gComhairle* (9 Nollaig 2021) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir le Dlús a chur leis an gComhar Trasteorann Póilíneachta i dtaca le Daoine atá ar Iarraidh, a d’fhormheas an Chomhairle (Ceartas agus Gnóthaí Baile), ag an 3837ú cruinniú a bhí aici, an 9 Nollaig 2021.

# Conclúidí ón gComhairle maidir le Dlús a chur leis an gComhar Trasteorann Póilíneachta i dtaca le Daoine atá ar Iarraidh

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

1. Á AITHINT DI gur de phríomhchuspóirí an Aontais Eorpaigh ardleibhéal slándála a áirithiú dá shaoránaigh sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais tríd an gcomhar póilíneachta mar atá leagtha amach i d**Teideal V den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh** a chur chun cinn.

2. I bhFIANAISE na Straitéise athnuaite Slándála Inmheánaí don Aontas Eorpach 2015-2020[1] agus ar baineadh amach dá barr, agus ÓS DÍOL SÁSAIMH DI an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le **Straitéis an Aontais Eorpaigh um an Aontas Slándála**[2], ina leagtar amach gníomhaíochtaí sonracha chun aghaidh a thabhairt go hiomlán ar thosaíochtaí straitéiseacha sa domhan digiteach agus sa domhan fisiciúil, mar aon leis na toisí inmheánacha agus seachtracha don tréimhse 2021-2025.

3. Á CHUR I bhFIOS GO LÁIDIR DI gurb é is aidhm do na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an tSlándáil Inmheánach agus maidir leis an gComhpháirtíocht Eorpach Póilíní[3] feidhmiú an limistéir saoirse, slándála agus ceartais a neartú agus comhar Eorpach éifeachtach don tslándáil inmheánach a bhunú. Ní mór a bheith ag síorfheabhsú rialachas na faisnéise agus barrfheabhas a chur ar an úsáid a bhaintear as na hionstraimí agus comhaontuithe reatha sin lena ndéantar faisnéis a mhalartú agus garspriocanna áirithe a bhaint amach i dtaca le comhar Eorpach éifeachtach don tslándáil inmheánach (2020-2025), tríd an méid seo a dhéanamh:

   - na hionstraimí le haghaidh foláireamh uile-Aontais i gcás cionta coiriúla – e.g. Córas Faisnéise Schengen maidir le daoine nó ábhair – a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach mar chleachtas caighdeánach,

   - a áirithiú go ndéanfar na creataí arb ann dóibh faoi láthair le haghaidh malartú faisnéise (amhail creat Prüm[4]) a thabhairt cothrom le dáta freisin ionas go mbeidh ailtireacht faisnéise an Aontais ag teacht níos mó fós le prionsabal na hinfhaighteachta.

---

[1] 15670/14
[2] 10010/20
[3] 13083/20
[4] Cinneadh ón gComhairle 2008/615/CGB agus Cinneadh ón gComhairle 2008/616/CGB

4. Á MHEABHRÚ DI na pléití a rinne an Mheitheal um Ábhair Schengen (SIS/SIRENE), a ndearnadh plé tábhachtach lena linn faoi na modhanna a gcuireann na Ballstáit a chéile ar an eolas faoi dhaoine atá ar iarraidh[5].

5. Á ATHDHEARBHÚ DI go mbeidh bunús dlí nuashonraithe (i.e. **Athmhúnlú SIS**)[6] i bhfeidhm le linn na bliana 2022 chun Córas Faisnéise Schengen a oibriú, agus go ndéanfaidh sin na rialacha reatha a threisiú, an córas a fheabhsú, foráil maidir le sonraí breise foláirimh, agus roinnt cineálacha foláirimh nua a thabhairt isteach. I ngeall ar na rialacha nuashonraithe, beifear in ann *inter alia* foláirimh choisctheacha a iontráil maidir le leanaí a bhíonn i mbaol a bhfuadaithe ag a dtuismitheoirí, agus maidir le leanaí nó daoine leochaileacha ar gá cosc taistil a chur orthu ar mhaithe lena gcosaint féin.

6. Á CHUR I dTÁBHACHT DI nach mór uasghrádú a dhéanamh ar na córais arb ann dóibh faoi láthair lena ndéantar faisnéis agus sonraí a mhalartú i réimse na slándála inmheánaí agus, i bhfianaise an fhógra a rinne an Coimisiún Eorpach go bhfuiltear le **creat dlíthiúil Prüm[7] a uasghrádú[8]**, ní mór a scrúdú an féidir é a úsáid chun faisnéis faoi dhaoine atá ar iarraidh nó faoi choirp gan aithint a mhalartú ar bhealach níos éifeachtaí.

7. Á MHOLADH DI go n-úsáidfí gach modh agus acmhainn dá bhfuil ar fáil a mhéid is féidir ar mhaithe le coirp gan aithint a aithint gan beann ar an ní ba shiocair nó ba mhodh báis dóibh. Tá ceart ag cách ar a ainm féin ós é a ráthaíonn a gcéannacht, agus a chosnaíonn a bpearsa agus a ndínit. Ní ceart cur gan ainm a thabhairt ar dhuine ar bith.

8. Á CHUR I bhFIOS GO LÁIDIR DI an tábhacht atá le patróil chomhpháirteacha póilíní, le haonaid agus oifigí comhpháirteacha, le hionaid oibríochtaí comhpháirteacha agus le himscrúduithe comhpháirteacha toisc go gcuireann siad go héifeachtach le coimeád an oird phoiblí, le cosc agus comhrac na coireachta, agus le háirithiú na sábháilteachta poiblí, rud dá ndéantar foráil cheana faoi chreat dlíthiúil Prüm agus a thabharfar cothrom le dáta sa chuid sin a bhaineann leis an gcomhar oibríochtúil. An comhar póilíneachta trasteorann ar an leibhéal oibríochtúil mar ghníomhaíochtaí comhpháirteacha, aithnítear é mar mhodh an-éifeachtach chun daoine atá ar iarraidh, go háirithe daoine leochaileacha, a chuardach.

---

[5] 9017/16
[6] Rialacháin (AE) 2018/1860, 2018/1861 agus 2018/1862
[7] Cinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle agus Cinneadh 2008/616/CGB ón gComhairle
[8] Treochlár Meastóireachta Comhcheangailte/Measúnú ar Thionchar Tionscanta, tag. Ares(2020)4214748 - 11/08/2020

9. Á CHUR I dTREIS DI an Teachtaireacht ón gCoimisiún faoi **Straitéis an Aontais maidir le Cearta an Linbh**[9], ina gcaitear le leanaí mar ghrúpa atá thar a bheith leochaileach agus ina meabhraítear an tábhacht atá leis an mbeolíne Eorpach do leanaí a bhíonn ar iarraidh (116 000).

10. Á CHUR CHUN SUNTAIS DI an Teachtaireacht ón gCoimisiún faoi Straitéis an Aontais maidir leis an nGáinneáil ar Dhaoine a Chomhrac[10], lena bhforáiltear gur cheart aird ar leith a thabhairt ar íospartaigh ar leanaí iad agus ar leanaí a bhíonn i mbaol a ngáinneála, agus gur cheart tuairisciú agus foláirimh chórasacha a bheith ann maidir le leanaí a bhíonn ar iarraidh ionas iad a shainaithint go luath, gur cheart nósanna imeachta tarchuir a bheith ann a shaincheaptar d'íospartaigh ar leanaí iad, caomhnóirí a bheith á gceapadh go tapa, agus cúnamh dlíthiúil éifeachtach a bheith ar fáil in aisce.

11. Á THABHAIRT DÁ hAIRE an sainmhíniú a thugtar ar *duine atá ar iarraidh*, atá i gcomhréir leis na moltaí a rinne Coiste Airí Chomhairle na hEorpa[11] agus lena bhfuil sna rialacháin náisiúnta, mar chreat lena sainmhínítear daoine atá ar iarraidh.

12. Á AITHINT DI an ról tábhachtach atá ag **)Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol)** ina cháil mar mhol don chomhroinnt faisnéise idir údaráis um fhorfheidhmiú dhlí na mBallstát, agus an ról a bhíonn aici tacú leis an gcomhar póilíneachta trasteorann agus é a chomhordú.

13. Á ADMHÁIL DI an ról atá ag **Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí (CEPOL)** maidir le tacú le hoiliúint a chur ar fáil d'oifigigh um fhorfheidhmiú an dlí san Aontas agus í a fhorbairt, a chur chun feidhme, a chomhordú.

---

[9] 7453/21

[10] COM(2021) 171 final

[11] Comhairle na hEorpa, Moladh CM/Rec (2009)12, a ghlac Coiste na nAirí an 9 Nollaig 2009: De réir Chomhairle na hEorpa, is éard is duine atá ar iarraidh ann duine nádúrtha atá ar troigh gan tuairisc mar go bhfuil sé nó sí imithe ar ceal agus gan tásc le fáil gur beo nó marbh dóibh.

14. Á CHUR CHUN SUNTAIS DI an obair atá ar bun ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na bPóilíní Coireachta (INTERPOL) ina cháil mar ardán domhanda chun faisnéis a mhalartú agus mar ardán don chomhar póilíneachta le tríú tíortha, agus Á AITHINT DI chomh maith a ról tábhachtach, a cuid uirlisí agus seirbhísí maidir le feabhas a chur ar imscrúduithe a bhaineann le daoine atá ar iarraidh agus a mbaineann gné dhomhanda lena gcás.

15. Á AITHINT DI an obair a dhéanann na **Pointí Teagmhála Aonair** (SPOCanna) ina gcáil mar ‘ionaid ilfhreastail’ don chomhar idirnáisiúnta i bhforfheidhmiú an dlí – arb é an inniúlacht náisiúnta is cuimsithí dá bhfuil ann é – agus iad in ann déileáil le raon iomlán na n-iarrataí féideartha a bhaineann le forfheidhmiú an chomhair trasteorann lena n-áirítear cásanna daoine atá ar iarraidh, agus Á THABHAIRT DÁ hAIRE an obair a dhéanann na Lárionaid um Chomhar Custaim agus Póilíní (PCCCanna) ina gcáil mar institiúid thábhachtach lena ngabhann feidhmeanna agus cúraimí éagsúla i réimse na slándála inmheánaí agus fhorfheidhmiú an dlí agus ar uirlis áitiúil luachmhar iad ag an gcomhar pras trasteorann i gcásanna daoine atá ar iarraidh.

16. Á CHUR SAN ÁIREAMH DI an plé a rinne **Meitheal um Fhorfheidhmiú an Dlí de chuid na Comhairle agus torthaí an Líonra Saineolaithe Póilíneachta maidir le Daoine atá ar Iarraidh (PEN-MP)** a léiríonn go mbíonn breis agus 300,000 duine ar iarraidh gach bliain san Aontas Eorpach (de réir shonraí na bliana 2019), ar leanaí agus déagóirí breis agus 100,000 díobh. De réir na sonraí sin, tá thart ar 40,000 cás ina bhfuil daoine atá ar iarraidh fós gan réiteach ag ocht gcinn déag de thíortha. Chomh maith leis sin, de réir na sonraí a chuir cúig cinn déag de thíortha ar fáil, tá líon nach lú ná 15,000 cás san Aontas Eorpach ina bhfuil coirp gan aithint.

17. TACAÍOCHT agus SPREAGADH a thabhairt don phlé atá ar siúl ag PEN-MP maidir leis an ngá atá ann cur chuige a fhorbairt lenar féidir leis na húdaráis inniúla gníomhú ar bhealach níos sciobtha agus níos éifeachtaí.

18. Á CHUR CHUN SUNTAIS DI gur íospartaigh ag an mí-úsáid ghnéasach roinnt de na leanaí sin a bhíonn ar iarraidh in ainneoin gur ina measc siúd is mó iontaoibh ag an leanbh astu a dhéantar an chuid is mó den mhí-úsáid agus dúshaothrú gnéasach ar leanaí. Is leochailí an méid sin iad. Ní mór tuilleadh a dhéanamh chun tuiscint níos fearr a fháil ar na riachtanais shonracha a bhíonn ag a leithéidí agus cásanna den sórt seo á láimhseáil.

**DÉANANN AN CHOMHAIRLE AN MÉID A LEANAS:**

19. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé go gcuirfí chun feidhme go rathúil an bunús dlí nuashonraithe lena ndéanfar Córas Faisnéise Schengen (Athmhúnlú SIS) a oibriú, i dtaca le daoine atá ar iarraidh agus leo siúd ar leochaileacha dá gcás agus a bhíonn i mbaol, agus IARRANN SÍ ar na Ballstáit, ar ghníomhaireachtaí an Aontais agus ar gach geallsealbhóir ábhartha eile an bunús dlí sin a chur chun feidhme i gcomhréir leis na spriocdhátaí.

I dTACA LEIS NA BALLSTÁIT:

20. MOLANN SÍ do na Ballstáit sin nach bhfuil a leithéid déanta acu fós a machnamh a dhéanamh – i gcás inarb iomchuí agus le haird chuí acu ar acmhainní náisiúnta agus struchtúir eagraíochtúla an Bhallstáit – ar láraonad oibríochtúil a bhunú ar an leibhéal náisiúnta maidir le daoine atá ar iarraidh, ina mbeidh oifigigh um fhorfheidhmiú an dlí ag obair a mbeidh rochtain acu ar bhunachar náisiúnta amháin ina mbeidh sonraí faoi dhaoine atá ar iarraidh, faoi iarsmaí daonna gan aithint, agus faoi ranna coirp gan aithint.

21. MOLANN SÍ do na Ballstáit a dtacaíocht a thabhairt d’fheidhmiú éifeachtúil na bpointí teagmhála aonair (na ‘SPOCanna’) (agus é á chur i dtábhacht acu an ról a bhíonn ag biúrónna SIRENE) agus/nó d’fheidhmiú éifeachtúil na Lárionad um Chomhar Póilíneachta agus Custaim (PCCCanna) nuair a bhíonn a gcúraimí agus a ndualgais á gcomhlíonadh acu, lena n-áirítear cásanna a bhaineann le daoine atá ar iarraidh.

22. IARRANN SÍ orthu siúd atá gníomhach san Ardán Eorpach Ildisciplíneach i gCoinne Bagairtí Coiriúla (EMPACT), go háirithe i dtaca le Gáinneáil ar Dhaoine agus le Dúshaothrú Gnéasach Leanaí, ról a thabhairt do PEN-MP i gcás inarb ábhartha agus gníomhaíochtaí sonracha a chumhdaítear faoi shainordú an Ardáin á ndréachtú agus á gcur chun feidhme.

23. MOLANN SÍ do na Ballstáit úsáid a bhaint as gach uirlis agus seirbhís de chuid INTERPOL dá bhfuil ar fáil, amhail foláireamh domhanda na bpóilíní maidir le daoine atá ar iarraidh (Fógra Buí), chun imscrúdú éifeachtúil a dhéanamh ar chásanna daoine atá ar iarraidh agus a mbaineann gné dhomhanda lena gcás.

I dTACA LEIS AN gCOIMISIÚN:

24. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún moltaí PEN-MP a chur san áireamh a thuilleadh agus reachtaíocht nua á dréachtú i dtaca le daoine atá ar iarraidh. Bunaithe ar mheasúnuithe tionchair dea-ullmhaithe a bhíonn gníomhartha reachtacha nua.

25. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún a mhachnamh a dhéanamh ar chreat comhchoiteann Eorpach don chomhar dlíthiúil a fhorbairt maidir le daoine atá ar iarraidh (fiú agus iad ar iarraidh dá ndeoin féin) nuair is díol imní na daoine sin a bheith ar iarraidh.

26. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún a mharana a dhéanamh ar cé acu a d'fhéadfaí maoiniú a thabhairt, as cistí an Aontais, do thionscadail darb aidhm comhar níos dlúithe a chothú i measc na n-údarás um fhorghníomhú an dlí a imscrúdaíonn cásanna fuadaigh amhrasacha agus/nó a gcásanna daoine atá ar iarraidh (lena n-áirítear fuarchásanna), agus maoiniú a thabhairt don chomhar i measc na n-údarás atá freagrach as cinntí a dhéanamh darb aidhm leanaí nó daoine leochaileacha atá i mbaol a chosaint (e.g. fuadach den uile chineál, gáinneáil, etc.).

I dTACA LEIS AN LÍONRA SAINEOLAITHE PÓILÍNEACHTA MAIDIR LE DAOINE AR IARRAIDH (PEN-MP):

27. IARRANN SÍ ar PEN-MP leanúint dá iarrachtaí chun feabhas a chur ar an gcomhar idir seirbhísí inniúla na mBallstát, tíortha comhlachaithe Schengen agus tríú tíortha (agus béim á leagan ar na Balcáin Thiar), ar sheirbhísí ábhartha an Aontais agus ar na hinstitiúidí domhanda.

    Ina theannta sin, is ceart do PEN-MP freisin cuimhneamh ar chomhar a dhéanamh lena thuilleadh tríú tíortha (tíortha na hAfraice Thuaidh mar shampla).

28. TUGANN SÍ DÁ hAIRE na pleananna atá ag PEN-MP reacht a bhunú, a bheidh ina chreat soiléir beacht, ar mhaithe le comhar éifeachtach a chumasú i gcomhréir leis na hoibleagáidí dlíthiúla (lena n-áirítear cosaint sonraí) idir na seirbhísí inniúla agus eintitis phoiblí sin atá in ann a bheith ina gcuidiú chun daoine atá ar iarraidh a aimsiú go tapa agus go héifeachtúil. Ba cheart d'údaráis forfheidhmithe dlí an príomhról a choinneáil. Féadfaidh siad a iarraidh ar gheallsealbhóirí príobháideacha nó ar ENRanna tacaíocht a thairiscint.

29. IARRANN SÍ ar PEN-MP tuilleadh den phlé agus den mhionléiriú a dhéanamh ar an bhféidearthacht atá ann ardán Eorpach idirlín a chruthú a bheidh dírithe ar thuarascálacha, a chuireann na seirbhísí póilíneachta ar fáil maidir le daoine atá ar iarraidh, a dháileadh. Maidir leis an ardán sin, áiritheoidh sé nach ndéanfar dúbláil ar na bealaí malartaithe faisnéise arb ann dóibh cheana, amhail Córas Faisnéise Schengen, creat Prüm agus Interpol, ní áireofar ann sonraí oibríochtúla, agus áiritheoidh sé go n-urramófar coimircí cosanta sonraí.

30. IARRANN SÍ ar PEN-MP plé a dhéanamh faoi Threoir Eorpach a chruthú maidir le dea-chleachtais ina liostófar gach tionscnamh ábhartha náisiúnta i dtaca le daoine atá ar iarraidh.

I dTACA LE EUROPOL:

31. IARRANN SÍ ar Europol leanúint de thacaíocht a thabhairt d'imscrúduithe maidir le daoine atá ar iarraidh, a bhíonn ar iarraidh mar thoradh ar ghníomh coiriúil a chuimsítear faoina shainordú, agus IARRANN SÍ ar Europol leanúint de thacaíocht a thabhairt do PEN-MP trí leas a bhaint as Ardán Europol do Shaineolaithe (EPE).

I dTACA LE CEPOL:

32. IARRANN SÍ ar CEPOL a mharana a dhéanamh ar an méid seo: cásanna daoine atá ar iarraidh mar thoradh ar ghníomh coiriúil a áireamh – nuair is féidir agus nuair is ábhartha sin – sa phunann gníomhaíochtaí atá ag CEPEL cheana féin. Níor mhór an cúram sin a chur i gcrích mar chuid de rannchuidiú an Aontais le CEPOL agus i ndlúthchomhar le PEN-MP agus le geallsealbhóirí ábhartha eile de chuid an réimse coireachta áirithe seo.